



# **Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

## **An Ardteistiméireacht 2016**

**Aistriúchán  
Ar Scéim Mharcála**

**Matamaitic Fheidhmeach**

**Gnáthleibhéal**

## Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar sampláí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntíú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítar dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon ionlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrashta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain gan rabhadh.

## **Treoirílínte Ginearálta**

- 1 Cuirtear trí chineál pionóis i bhfeidhm ar obair iarrthóirí mar a leanas:

Sciorrthaí - sciorrthaí uimhriúla S(-1)

Botúin - earráidí matamaiticiúla B(-3)

Miléamh - mura bhfuil sé tromchúiseach M(-1)

Botún tromchúiseach nó ábhar ar lár nó míléamh as a leanann róshimpliú:

- tabhair an marc i leith iarrachta, agus an marc sin amháin.

Tugtar marcanna i leith iarrachta mar a leanas: 5 (iarr 2), 10 (iarr 3).

- 2 Sa scéim mharcála, taispeántar réiteach ceart amháin ar gach ceist.  
In a lán cásanna, tá modhanna eile ann atá chomh bailí céanna.

1. Pointí is ea  $P$  agus  $Q$  ar bhóthar díreach leibhéalta.

Taistealaíonn carr feadh an bhóthair sa treo ó  $P$  go dtí  $Q$ . I dtosach tá sé ag gluaiseacht ar luas aonfhoirmeach  $14 \text{ m s}^{-1}$ . Agus é ag gabháil thar  $P$ , luasghéaraíonn sé go haonfhoirmeach ar feadh 8 soicind go dtí go sroicheann sé luas  $30 \text{ m s}^{-1}$ .

Ansin luasmhoillíonn an carr go haonfhoirmeach ó luas  $30 \text{ m s}^{-1}$  go dtí luas  $22 \text{ m s}^{-1}$ .

Taistealaíonn an carr 52 méadar agus é ag luasmhoilliú.

Anois leanann sé air ar luas tairiseach  $22 \text{ m s}^{-1}$  ar feadh 10 soicind, agus ansin gabhann sé thar  $Q$ .

(a) Tarraing graf luais is ama le haghaidh ghluaisne an chairr ó  $P$  go dtí  $Q$ .

(b) Faigh (i) an luasghéarú


(ii) an luasmhoilliú

(iii)  $|PQ|$ , an fad ó  $P$  go dtí  $Q$

(iv) meánluas an chairr agus é ag taistéal ó  $P$  go dtí  $Q$

(v) an fad ama a bhfuil an carr ag gluaiseacht ar a mheánluas nó os a chionn.

(a)



(b) (i)

$$30 = 14 + a(8)$$

$$a = 2 \text{ m s}^{-2}$$

(ii)

$$v^2 = u^2 + 2as$$

$$22^2 = 30^2 + 2a(52)$$

$$a = -4 \text{ m s}^{-2}$$

(iii)

$$s = ut + \frac{1}{2}at^2$$

$$s_1 = 14(8) + \frac{1}{2}(2)(64) = 176$$

$$|PQ| = 176 + 52 + 22(10) = 448 \text{ m}$$

(iv)

$$\text{meánluas} = \frac{448}{20}$$

$$= 22.4 \text{ m s}^{-1}$$

(v)

$$v = u + at \Rightarrow 30 = 22.4 + 2t_1 \Rightarrow t_1 = 3.8$$

$$v = u + at \Rightarrow 2.4 = 30 - 4t_2 \Rightarrow t_2 = 1.9$$

$$t = t_1 + t_2 = 5.7 \text{ s}$$

10

10

10

10

5

5


50

2. Is pointe é  $P$  ar an mbruach theas d'abhairinn.  
 Is pointe é  $Q$  díreach trasna ó  $P$  ar an mbruach thuaidh.  
 Imíonn long A ó  $P$  ar luas tairiseach  
 $52 \text{ km h}^{-1}$  agus taistealaíonn sí sa treo  
 soir  $\alpha^\circ$  ó thuaidh, áit a bhfuil tan  $\alpha = \frac{12}{5}$ .  
 Imíonn long B ó  $Q$  ar luas tairiseach  $51 \text{ km h}^{-1}$   
 agus taistealaíonn sí sa treo soir  $\beta^\circ$  ó dheas,  
 áit a bhfuil tan  $\beta = \frac{8}{15}$ .

Faigh (i) treolus A i dtéarmaí  $\vec{i}$  agus  $\vec{j}$   
 (ii) treolus B i dtéarmaí  $\vec{i}$  agus  $\vec{j}$   
 (iii) treolus A i leith B i dtéarmaí  $\vec{i}$  agus  $\vec{j}$ .

Trasnaíonn conairí A agus B a chéile ag an bpointe  $R$ , atá 9 km síos an abhairinn ó  $P$  agus  $Q$ .

Faigh (iv) an fad ama a thógann B le R a shroicheadh agus cé mhéad ama níos faide a thógann A le R a shroicheadh  
 (v) leithead na habhann agus glac leis go bhfuil na bruacha comhthreomhar.



$$(i) \quad \vec{V}_A = 52 \cos \alpha \vec{i} + 52 \sin \alpha \vec{j}$$

$$= 20 \vec{i} + 48 \vec{j}$$

$$(ii) \quad \vec{V}_B = 51 \cos \beta \vec{i} - 51 \sin \beta \vec{j}$$

$$= 45 \vec{i} - 24 \vec{j}$$

$$(iii) \quad \vec{V}_{AB} = \vec{V}_A - \vec{V}_B$$

$$= -25 \vec{i} + 72 \vec{j}$$

$$(iv) \quad t_B = \frac{9}{45} = 0.2 \text{ h}$$

$$t_A = \frac{9}{20} = 0.45 \text{ h}$$

$$t_A - t_B = 0.25 \text{ h}$$

$$(v) \quad d = 24 \times 0.2 + 48 \times 0.45$$

$$= 26.4 \text{ km}$$

5	5
5	5
5	5
5	5
10	50


3. Déantar cáithnín a theilgean ón bpointe  $P$ , mar a thaispeántar sa léaráid, ar luas tosaigh  $74 \text{ m s}^{-1}$  ar uillinn  $\beta$  leis an gcothromán, áit a bhfuil  $\tan \beta = \frac{35}{12}$ .

Sroicheann an cáithnín pointe  $Q$  tar éis

4 shoicind de ghluaisne.

Is é  $R$  an pointe is airde a shroicheann an cáithnín.

- Faigh
- (i) treoluas tosaigh an cháithnín i dtéarmaí  $\vec{i}$  agus  $\vec{j}$
  - (ii) treoluas an cháithnín ag an bpointe  $Q$  i dtéarmaí  $\vec{i}$  agus  $\vec{j}$
  - (iii) díláithriú  $R$  ó  $P$  i dtéarmaí  $\vec{i}$  agus  $\vec{j}$
  - (iv) luach  $k$ , más rud é go sroicheann an cáithnín  $S$  tar éis 16 soicind de ghluaisne.



$$(i) \quad \vec{u} = 74 \cos \beta \vec{i} + 74 \sin \beta \vec{j}$$

$$= 24 \vec{i} + 70 \vec{j}$$

10

$$(ii) \quad \vec{v}_Q = 24 \vec{i} + \{70 - 10 \times 4\} \vec{j}$$

$$= 24 \vec{i} + 30 \vec{j}$$

10

$$(iii) \quad \vec{r}_R = 24t \vec{i} + \left\{70t - \frac{1}{2}gt^2\right\} \vec{j}$$

$$= 24(7) \vec{i} + \{70(7) - 5(7)^2\} \vec{j}$$

$$= 168 \vec{i} + 245 \vec{j}$$

5

5

5

$$(iv) \quad -k = 70(16) - 5(16)^2$$

$$-k = 1120 - 1280$$

$$k = 160 \text{ m}$$

5

5

5


50

4. (a) Tá maiseanna 1 kg agus 4 kg ceangailte le téad dhoshínte éadrom rite a ghabhann thar ulóg phosaithe éadrom mhín.

Ligtear an córas saor ó fhos.

Faigh (i) luasghéarú comóntha na maiseanna

(ii) an teannas sa téad.



$$(i) \quad 4g - T = 4a$$

$$T - g = 1a$$

$$3g = 5a$$


$$a = \frac{3g}{5} = 6 \text{ m s}^{-2}$$

$$(ii) \quad T - g = 1a$$

$$T = g + a$$

$$= 10 + 6$$

$$= 16 \text{ N}$$




- (b) Tá maiseanna 8 kg agus 12 kg ceangailte le téad dhoshínte éadrom rite a ghabhann thar ulóg phosaithe éadrom mhín, mar a thaispeántar sa léaráid.

Tá an mhais 8 kg ina luí ar phlána cothrománach garbh agus is é comhéifeacht na frithchuimilte idir an mhais 8 kg agus an plána ná  $\frac{3}{4}$ .

Tá an mhais 12 kg ina luí ar phlána míni atá claonta ar uillinn  $\alpha$  leis an gcothromán, áit a bhfuil tan  $\alpha = \frac{4}{3}$ .


Ligtear an córas saor ó fhos.



- (i) Taispeáin ar léaráidí ar leith na fórsaí a ghníomhaíonn ar gach mais.
- (ii) Faigh luasghéarú comóntha na maiseanna.
- (iii) Faigh an teannas sa téad.
- (iv) Faigh luas comóntha na maiseanna tar éis dhá shoicind de ghluaisne.

(b)

(i)



(ii)

$$(ii) \quad 12g \sin \alpha - T = 12a$$

$$96 - T = 12a$$

$$T - \frac{3}{4}R_I = 8a$$

$$T - \frac{3}{4}(8g) = 8a$$

$$T - 60 = 8a$$

$$96 - 60 = 20a$$

$$a = 1.8 \text{ m s}^{-2}$$

10

5

5

5

(iii)

$$T - 60 = 8 \times 1.8$$

$$T = 74.4 \text{ N}$$

(iv)

$$v = u + at$$

$$= 0 + 1.8 \times 2$$


$$v = 3.6 \text{ m s}^{-1}$$

5

30

- 5. (a)** Imbhuaileann sféar mín A, ar mais dó 6 kg, go díreach le sféar mín eile B, ar mais dó 4 kg, ar bhord mín cothrománach.

Tá na sféir A agus B ag gluaiseacht i dtreonna contrártha ar luas  $2 \text{ m s}^{-1}$  agus luas  $3 \text{ m s}^{-1}$ , faoi seach.



Is é comhéifeacht an chúitimh don imbhualadh ná  $\frac{2}{5}$ .

- Faigh      (i)    luas A agus luas B tar éis an imbhailte  
               (ii)   an cailteanas fuinneamh cinéiteach de thoradh an imbhailte  
               (iii)   méid na ríge a dháiltear ar A de thoradh an imbhailte.

- (b)** Caitear liathróid anuas go ceartingearach ar luas  $2 \text{ m s}^{-1}$  ó airde 3 mhéadar ar urlár cothrománach mín. Buaileann an liathróid an t-urlár agus athphreabann sí go dtí airde 1.8 méadar.

Is é comhéifeacht an chúitimh idir an liathróid agus an t-urlár ná  $e$ .

- Faigh      (i)    luas na liathróide nuair a buaileann sí an t-urlár  
               (ii)   luach  $e$ .

$$(a) \quad (i) \quad 6(2) + 4(-3) = 6v_1 + 4v_2$$

$$0 = 6v_1 + 4v_2$$

$$v_1 - v_2 = -\frac{2}{5}(2+3) = -2$$

$$|v_1| = 0.8 \text{ m s}^{-1} \quad v_2 = 1.2 \text{ m s}^{-1}$$

$$(ii) \quad KE_b = \frac{1}{2}(6)(2)^2 + \frac{1}{2}(4)(-3)^2 = 30$$

$$KE_a = \frac{1}{2}(6)(0.8)^2 + \frac{1}{2}(4)(1.2)^2 = 4.8$$

$$KE_b - KE_a = 30 - 4.8 = 25.2 \text{ J}$$

$$(iii) \quad I = |(6)(-0.8) - (6)(2)| = 16.8$$


$$(b) (i) \quad v^2 = 4 + 2 \times 10 \times 3$$

$$v = 8 \text{ m s}^{-1}$$

$$(ii) \quad 0 = (e \times 8)^2 + 2(-10)(1.8)$$

$$0 = 64e^2 - 36$$

$$e = \frac{3}{4}$$



6. (a) Cuirtear cáithní, ar meáchain dóibh 9 N, 8 N,  $q$  N agus 2 N, ag na pointí  $(-4, 3)$ ,  $(8, 6)$ ,  $(p, 5)$  agus  $(q, -p)$  faoi seach.

Is iad comhordanáidí mheáchanlár an chórais ná  $(p, 4)$ .

Faigh      (i)      luach  $p$   
 (ii)      luach  $q$ .

(a) 
$$p = \frac{9(-4) + 8(8) + qp + 2q}{19 + q}$$

$$19p - 2q = 28$$

$$4 = \frac{9(3) + 8(6) + q(5) + 2(-p)}{19 + q}$$

$$2p - q = -1$$

$$p = 2$$

$$q = 5$$

5

5

5


5

20

- 6     **(b)** Lann thriantánach ar a bhfuil na stuaiceanna  $A$ ,  $B$  agus  $C$ , baintear amach aisti an chuid laistigh den inchiorcal.  
Is é  $D$  lárphointe an inchiorcail.

Is iad comhordanáidí na bpointí ná  $A(0, 0)$ ,  $B(0, 108)$ ,  $C(45, 0)$  agus  $D(18, 18)$ .

Faigh comhordanáidí mheáchanláir na lainne atá fágtha.



(b)

	area :	c.g.
$ABC$	$\frac{1}{2}(45)(108) = 2430$	$(15, 36)$

ciorcal	$\pi(18)^2 = 1017.876$	$(18, 18)$
---------	------------------------	------------


lainne	$= 1412.124$	$(x, y)$
--------	--------------	----------

$$(1412.124)(x) = 2430(15) - 1017.876(18)$$

$$x = 12.8$$

$$(1412.124)(y) = 2430(36) - 1017.876(18)$$

$$y = 49.0$$




7. Slat aonfhoirmeach,  $AB$ , atá 4 m ar fad agus a bhfuil 160 N meáchain inti, tá sí ceangailte de shíleáil chothrománach le hinse mín ag foirceann  $A$ .

Tá foirceann amháin de théad dhoshínte éadrom ceangailte de  $B$  agus an foirceann eile den téad ceangailte de bhalla ceartingearach.


Déanann an tsłat uillinn  $60^\circ$  leis an tsíleáil agus déanann an téad uillinn  $60^\circ$  leis an mballa, mar a thaispeántar sa léaráid.

Tá an tsłat i gcothromaíocht.

- (i) Taispeáin ar léaráid na fórsaí go léir atá ag gníomhú ar an tsłat  $AB$ .
- (ii) Scríobh síos an dá chothromóid a éiríonn as na fórsaí a thaifeach go cothrománach agus go ceartingearach.
- (iii) Scríobh síos an chothromóid a éiríonn as móimintí a thógáil thart ar an bpointe  $A$ .
- (iv) Faigh an teannas sa téad.
- (v) Faigh méid an fhrithghníomhaithe ag an bpointe  $A$ .



(i)



(ii)

$$T \cos 30 = X$$

$$T \sin 30 + Y = 160$$

(iii)

$$T \times 4 = 160 \times 2 \cos 60$$

(iv)

$$4T = 160$$

$$T = 40 \text{ N}$$


(v)

$$X = 40 \times \frac{\sqrt{3}}{2} = 20\sqrt{3}$$

$$Y = 160 - 40 \times \frac{1}{2} = 140$$

$$R = \sqrt{(20\sqrt{3})^2 + (140)^2}$$

$$= 144.2 \text{ N}$$



8. (a) Déanann cáithnín ciornal cothrománach, ar ga dó  $1.5$  méadar, a rianú ar threolus uilleach aonfhoirmeach  $\omega$  raidian sa soicind.  
 Is é  $3 \text{ m s}^{-1}$  a luas agus is é  $2 \text{ kg}$  a mhais.


Faigh      (i)      luach  $\omega$   
 (ii)     an fad ama chun imrothlú amháin a chríochnú  
 (iii)    an fórsa láraimsitheach ar an gcáithnín.

(i)	$v = r\omega$	10
	$3 = 1.5 \times \omega$	
	$\omega = 2 \text{ rad s}^{-1}$	
(ii)	$T = \frac{2\pi}{\omega}$	10
	$= \frac{2\pi}{2}$	
	$= \pi \text{ s}$	
(iii)	$F = mr\omega^2$	10
	$= 2 \times 1.5 \times 4$	
	$= 12 \text{ N}$	30


- 8 (b) Tá babhla leathséarach, ar trastomhas dó 34 cm, fosaithe ar dhromchla cothrománach.

Cáithnín míne, ar mais dó 1 kg, déanann sé ciornal cothrománach, ar ga do  $r$  cm, a rianú ar dhromchla inmhéanach míne an bhabhla.

Tá an plána ag an ngluaisne chiorclach 8 cm taobh thíos de bharr an bhabhla.



- Faigh (i) luach  $r$   
 (ii) an fórsa frithghníomhaithe idir an cáithnín agus dromchla an bhabhla  
 (iii) treoluas uilleach an cháithnín.



$$(i) \quad r^2 + 8^2 = 17^2$$

$$r = 15 \text{ cm}$$

$$(ii) \quad R \sin \alpha = 10$$

$$R \times \frac{8}{17} = 10$$

$$R = 21.25 \text{ N}$$

$$(iii) \quad R \cos \alpha = mr\omega^2$$

$$\frac{170}{8} \times \frac{15}{17} = 1 \times 0.15 \times \omega^2$$

$$\omega = 11.18 \text{ rad s}^{-1}$$

5

5

10

20

9. (a) Tá meáchan 23 N i bpíosa soladach miotail.

Nuair a thumtar go hiomlán in uisce é, dealraíonn sé go meánn an miotal 17 N.

(i) Breac síos prionsabal Airciméidéis.

(ii) Faigh toirt an mhiotail

(iii) Faigh dlús an mhiotail.


[Dlús an uisce =  $1000 \text{ kg m}^{-3}$ ]

(b) Tá ga 5 cm ag sféar soladach.

Is é dlús an sféir ná  $800 \text{ kg m}^{-3}$  agus tá sé tumtha go hiomlán in umar leachta, ar dlús dó  $1200 \text{ kg m}^{-3}$ .

Tá an sféar á choinneáil ar fos le téad cheartingearach dhoshínte éadrom atá ceangailte de bhonn an umair.

Faigh an teannas sa téad.



(a)

(i) Prionsabal Airciméidéis :

$$(ii) \rho V g = B$$

$$1000 \times V \times 10 = 6$$

$$V = 0.0006 \text{ m}^3$$

$$(iii) \rho = \frac{m}{V} = \frac{2.3}{0.0006}$$
$$= 3833.3 \text{ kg m}^{-3}$$

(b)

$$W = 800 \left\{ \frac{4}{3} \pi (0.05^3) \right\} (10)$$

$$= \frac{4}{3} \pi = 4.189$$

$$B = 1200 \left\{ \frac{4}{3} \pi (0.05^3) \right\} (10)$$

$$= 2\pi = 6,283$$

$$T + W = B$$

$$T = 6.283 - 4.189$$

$$= 2.094 \text{ N}$$

5	
10	
5	
10	
10	
10	50

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

